# Ranganna Gaeilge sa Kabin Crew

Eochairfhocail: rapcheol, ag rapáil, ceolchoirm, rithim

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén saghas ranganna ar chuir The Kabin Studio tús leo le déanaí?
2. Cad a bheidh ar siúl ag The Kabin Studio i rith Sheachtain na Gaeilge, dar le Carleigh?
3. Cén ról atá ag Lauren de Grás san ionad?
4. Cén t-aoisghrúpa ar a bhfuil na ranganna dírithe?

**Anois leis an duine in aice leat an féidir leat labhairt faoin méid atá ar eolas agat maidir le rapcheol?**

- Cén saghas ceoil é rapcheol?
- An bhfuil aithne agat ar aon amhránaithe rapcheoil?
- An éisteann tú le rapcheol?
- Cad é an t-amhrán rapcheoil is fearr leat? Cen fáth?
- Cén saghas ceoil is mó a thaitníonn leat?

# Na Freagraí

1. Ranganna Gael-Rap
2. Ceolchoirm ollmhór
3. Ag tabhairt tacaíochta do na cailíní agus do na buachaillí óga atá ag iarraidh rapáil a dhéanamh
4. Páistí óga idir 12 agus 14 bliana d’aois

